Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0253

Comhaontú maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas agus Meicsiceo

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Iúil 2026 maidir le togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile (COM(2025)0810 – C10-0128/2026 – 2025/0810(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle (COM(2025)0810),

– ag féachaint don Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile (12463/2025),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 91, Airteagal 100(2), Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, Airteagal 209(2) agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), agus Airteagal 218(7), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0128/2026),

– ag féachaint do rún eatramhach uaithi an 8 Iúil 2026[1] ar an togra le haghaidh Cinneadh,

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus

[1] Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2026)0254.

ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A10-0181/2026),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiúin agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig rialtais agus parlaimintí Stáit Aontaithe Mheicsiceo.